

AN DUBH Á CHUR INA GHRÁ GEAL

Author(s): Caitlín Nic Íomhair

Source: *Comhar*, Iml. 73, Uimh 5 (BEALTAINE 2013), pp. 18-20

Published by: Comhar Teoranta

Stable URL: <https://www.jstor.org/stable/43499349>

Accessed: 29-06-2020 09:42 UTC

---


JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact [support@jstor.org](mailto:support@jstor.org).

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at <https://about.jstor.org/terms>



JSTOR

*Comhar Teoranta* is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*



# AN DUBH Á CHUR INA GHRÁ GEAL

*Tugann laoithe cumainn Choilm Bhreathnaigh idir lón intinne agus lón anama don léitheoir, an dá shlat tombais atá ag Caitlín Nic Íomhair le sárshaothar grá a aithint*

TÁ SEACHT GCNUASACH AN FHILE bhisiúil Colm Breathnach ag cur thar maoil le dánta doimhne, snoite, gleoite a phléann go hionraic leis an chaidreamh ghrámhar. Spléachadh iomlánaíoch ar shaolré na seirce é seo, ó phráinn agus alltacht na suirí go muinín agus dlúithe an lánúin phósta. Ní cheiltear an thíos seal, an chontúirt ná an t-achrann; ní cheiltear ach an oiread pléisiúir na corrabhuaise:

móram  
do ghus is do laige  
do luga is do laga ...  
do bhog is do gharbh  
do mhaol is do chlúmh.

Is as an dán ‘Tusa’, a foilsíodh sa duanaire *An Fearann Breac* siar sa bhliain 1992, na línte sin thuas agus sa mhéid seo a leanas beidh mé ag cloí le luathshaothar grá an Bhreathnaigh. Sa saothar sin, is ábhar

oilithrigh agus ábhar gaiscígh araon é an fear, agus is trí bhithin an dlúthchaidrimh ghrá a thugtar an dá thoise sin den duine chun solais. Dar liom gurb iad an tsolúbthacht agus an t-iomlánaíochas saintréithe shaothar an Bhreathnaigh, agus coimriú beacht ar an *ethos* seo is ea ainm an cúigiú cnuasach leis, *Chiaroscuro* (2006), a chiallaíonn ‘gealdorcha’. Tugann an comhfhocal Iodálach úd le fios go bhfuil an ghile agus an dorchacht chomh spleách ar a chéile le beirt leanán, agus nach mbraitear ceachtar acu i gceart go dtí go mbraitear i bhfianaise a mhalairte é.

Níl an scagadh criticiúil atá dlite ag Colm Breathnach faighte aige go fóill, agus b’fhiú go mór a shaothar a chíoradh go cuimsitheach amach anseo. Cheal spáis ní dhéanfar an cíoradh sin anseo, ach tabharfar spléachadh ar théamaí an chothaithe, na cumhachta agus na collaíochta ina shaothar, le súil is go dtabharfaidh sé sin blaiseadh de chumhacht agus d’éagsúlacht a chuid filíochta.

Tosaímis leis an chothú. Tá an ganntanas bia agus an flúirse beatha ina móitífeanna ag an Bhreathnach síos tríd an saothar grá, agus is minic a sheasann méithe an bhéile do shó agus do shásamh an chaidrimh shona. Is fíor do Thadhg Ó Dúshláine nuair a deir sé in *Anois Tacht an Eala* (2011) go bhfuil cosúlachtaí idir léiriú an ghrá i gcainticí an Bhreathnaigh agus a léiriú in *Caintic na gCainticí* an Bhíobla (353). Bainne agus mil an fhile seo é an ‘frioctán lán / d’uibheacha is sasaití is de bhagún’ atá ag fanacht ar an bheirt leannán sa dán ‘Teacht Aníos’ (*An Fearann Breac*), mar shampla, agus, faoi mar atá i leabhar sin an Bhíobla, is comhartha é an béile méith anseo do chothú agus do raidhse na seirce.

A mhalairt ar fad a léirítear dúinn in ‘Éanlathas’ (*Cantaic an Bhalbháin*, 1991) agus in ‘Aiste Chothrom Bídh’ (*Croí agus Carraig*, 1995). Sa dá dhán seo caitheann an file leis an ‘chaolchuid’ sa chaidreamh mar a bheadh ocras corpartha ann. Dán cumhachtach é ‘Éanlathas’ a phléann leis an aistear achrannach ón aonaracht go céileachas. Léiríonn an fuacht sa dán coimhthíos agus contúirt na seirce, agus

cuireann an friotal paradacsúil staid idir-eatarthu in iúl. An t-aon ní atá le tairiscint ag an radaire dá chéile sa dán seo ná ‘mála folamh / lán go béal / d’ardscéalta’, paradacs a léiríonn mianach san áit nach bhfuil téagar ann go fóill. Siúd é cás coitianta na bhfear i saothar an Bhreathnaigh: is minic ‘mé’ na ndánta ag impí ar a mhuintir fanacht ‘go mbead in inmhe’, mar a deir sé in ‘Focail Uaigneacha’ sa chnuasach céanna. Agus, ní nach ionadh, is láthair í an fhilíocht le críoch níos sásúla a chur le hinsint chruthaitheach an scéil. In ‘Éanlathas’, léiríonn an mála paradacsúil seo an bhearna idir an saol mar atá agus an saol a chruthódh an radaire dá ghrá ach an chumhacht sin a bheith aige. Is í an bhearna chéanna í is a fheicimid idir seilg fhoréigneach, fhírínneach an daimh sa dán agus an t-éalú míorúilteach a shamhlaíonn an radaire leis ina intinn: ‘gur fhás ar an damh dhá sciathán / is gur éalaigh uainn ina eala bhán’.

Easnamh agus spleáchas a léirítear sa dán seo, agus chan an spleáchas sultmhar a thagann ó fhéin-chur-ar-ceal in adhradh an duine eile ach spleáchas mar thús agus dheireadh caidrimh:

agus na laethanta eile sin  
nach raibh de théad cheangail eadrainn  
ach eagla agus gá.

Línte suntasacha, fíor-ionraice iad seo ar *oscuro*, ar dhorchadas, an chaidrimh. Soilsíonn ‘Éanlathas’ an difear idir dlúithe anamchairde agus spleáchas seasc an leannáin.

Léiríonn iarrachtaí na beirte teacht le chéile ‘i lár na má’, léiríonn siad costas na taithíochta atá mar bhunchloch agus mar bharr maise na ndánta seirce. Má táthar le sprioc uasal an dlúthchaidrimh a bhaint amach, caithfear dul sa seans. Caithfear éalú ó thearmainn na haonaránachta – eisean ar an sliabh, ise cois caoláire – go háit choimhthíoch nach bhfuil ceachtar acu compordach ann. Ach ní léir, tar éis a gcrógachta agus a n-aistear le teacht le chéile, go bhfaighidh na leannáin an t-aisioc atá tuillte acu:

anseo i lár na má dúinn  
tá fuacht nár bhraitheas riamh  
ar an ard sin  
is nár bhraitheas a déarfainn  
ag bun caoláire.  
Tá fáil anseo ar lón go rábach  
ach chím arís id’ shúile scáfara  
éin ag éalú faoi dhéin malairt muráite.

Seans go seasann an ‘lón’ sin thuas do shásamh an ocras a d’fhéadfaidís a fháil ach éalú óna dtearmainn féinín féin agus teacht le chéile sa seans, beag beann ar instinn agus ar chontúirt. Ach ní hionann sin is a rá nach bhfuil contúirt ann. Sa chaint seo faoin fhuacht, ní cheiltar an baol go bpréachfaí san iarracht iad, go bhfágfaí iad gan chosaint agus gan teacht acu ar chothú níos luachmháire. Caithfidh an bheirt fuacht na loime a fhuil-aingt sula mblaisfidh siad dá taithíocht. Is fuaire an lár ná an t-imeall.

Dán eile a léiríonn spleáchas gan toradh, gan chothú ná ‘Aiste Chothrom Bídh’, a thugann aghaidh (leathmhagúil) ar bhaol agus ar chontúirt an dlúthchaidrimh. Má tá beathú agus teolaíocht le fáil sa tsearc, tá inti fosta an mianach chun préachta agus chun canablachta. Cuir-eann gairbhe na feola – ‘gearrthóga ... sasaitsí ... ’gus mionphíosáí eile feola’ – gnéithe neamh-rómánsúla na seirce in iúl, cuirim i gcás foréigean, fulaingt agus mortlaíocht. Níl an fheoil sin féin fiú ag an bheirt, ach iad ‘ár gcoimeád féin beo / ar ár ngrá, ar thnúthán, ar aer an tsaol ... / is uair umá seach ithimid na cluasa dá chéile’. Nach borb an claochlú seo ó chrógacht ar an chaolchuid – an bheirt chomh diongbháilte sin go ndé-anann siad ábhar maireachtála dá ngrá is dá dtnútháin – go foréigean canablach? Léiríonn idir théama agus íomhánna an dáin seo an síorluascadh idir, mar a deir an file féin in ‘Gealach’, ‘mallmhara agus rabhartaí’ i saothar an Bhreathnaigh.

Tá dán amháin eile anseo a théann níos faide fós le meafar na canablachta sa chaidreamh ghrámhar. Is dán as an ghnáth i saothar an Bhreathnaigh é ‘Cointinn’ (*Scáthach*, 1994) lena bhfuil d’fhearg agus d’eadóchas le sonrú ann, cé go gceiltar

## COLM BREATHNACH

- Is Corcaíoch é Colm
- D’oibrigh sé i Rannóg an Aistriúcháin ar feadh na mblianta, saor-aistritheoir agus scríbhneoir anois é
- Tá seacht nduanaire foilsithe aige go dtí seo, mar aon le húrscéal agus *Rogha Dánta 1991-2006* (2008)
- Tá sealanna caite aige mar scríbhneoir cónaithe sa tSín agus sa tSlóivéin freisin
- Duaiseanna Oireachtais agus Duais an Bhuitléaraigh buaite aige ar a chuid filíochta



iad seo go pointe le háifeis. Tá teanga an fhile sáite sa phluc aige go pointe agus an radaire á ionannú féin le luch ghaoiseach ar tí a bás:

sara dtiteann do lapa orm arís ...  
ba mhaith liom a dhearbhu go sollúnta  
gur chat tú de réir do dhúchais.

Ainneoin an ghrinn, tá ábhar dáiríre idir-chamáin in ‘Cointinn’. Cuid de dheasghnátha na suirí is ea meallaim-agus-éalaím na luiche leis an chat, agus tugtar le fios go bhfuil an bheirt acu páirteach i gcothú an chaidrimh éagothroim. Más íobairt í ár luch de réir gach cosúlachta, deirtear linn nach dá hainneoin atá sí i gcruachas: ‘gach aon scréachaíl chaol / dár dheineas féin ... tomhaiste agam d’fhonn tú a ghriogadh’. Sna línte seo, bréagnaítear aon idirdhealú rógulan idir cumhacht agus laige i gcaidreamh dá shórt. Seans fiú amháin gur ag an luch atá an lámh in uachtar, más fíor go dtar-chéimníonn sí a páirt go fuarchúiseach, fad is atá an cat fós sáite ina dhúchas siúd. Tá débhrí dheas sa líne sin, ‘sara dtiteann do lapa orm arís, don uair dheireanach anois, is dócha’, nó ní léir cé acu a bás nó a fuascailt atá in ndán dár laoch luiche.

Tá idir ghreann agus ghéarchúis le sonrú sa dán seo a shéideann faoinár ndúthracht chun an duine eile a athrú, a ‘mhianach catúil a chur i gcéill’, mar a deir an file ann. Plé spéisiúil ar fhreagracht atá ann fosta, a thugann le fios go bhfuil an cluiche úd san aon am amháin níos uaisle ná mar a thabharfadh sé le fios – toisc gur dá dtoil féin a imríonn siad é

– agus níos ísle fosta, sa tslí is go mbítear ag cúbláil a chéile go cúramach. Is léir go bhfuil sult san iomaíocht, sa ghriogadh agus sa teitheadh agus fios a ngnóithe ag an bheirt leis an chluiche a mhúnlú chun a sástachta.

Más fíor go bhfeileann na céilí comhraic ‘go feilbhinn’ dá chéile in ‘Cointinn’, míshástacht ar fad a léirítear leis an staid ina bhfuiltear in ‘Gealach’, dán a foilsíodh sa duanaire *Scáthach* freisin. Is minicí an file ag móradh a mháistreása ná ag santú a shaoirse ón ‘charcair ghrianda’, ach tarlaíonn sé anois is arís nach gcuireann sé aon fhiacail ann agus é ag trácht ar an sclábhaíocht chéanna. Is fóirsteanach, mar sin, go bhfuil bá ar leith le brath sna dánta a phléann le laochra miotaseolaíochta atá faoi chomaoin agus fiú faoi orduithe na mban. Má bhaineann Cú Chulainn an ghaiscíocht is dual dó amach le cuidiú na mná i sárdhán an chnuasaigh *Scáthach*, ‘Dán do Scáthach’, léirítear cumhacht Ghráinne ar a leannán sa dán ‘Gráinne agus Diarmaid’, go háirithe sa tseoidlíne úd faoi Dhiarmaid a bheith ‘gafa, chomh teann leat féin, i ngaistí agus i ndola na seirce’.


Más léir ó na sonraí beaga faoina gúna is a gruanna nach bhfuil an file gan bhá le Gráinne sa dán sin, is lú a fhoighde le ‘banmhíle’ eile in ‘Gealach’. Dán éachtach é seo a phléann leis an chumhacht bhaineann go hoscailte agus go beacht. Léirítear idir chúrsaí cumhachta agus *chiaroscuro* an ghrá go slachtmhar i meafar na gealaí, foinse solais nach bhfeictear ach sa dorchadas. Arís, is neach uilechumhachtach ag croílár an domhain í an bhean le hais an mhion-neacha tháimh fhirinn:

seolann do shúile  
thar an léinseach is mise ann  
taoidí á dtionscnamh agat ionam  
líonadh agus lag trá  
ionam ó lá go laglá  
mallmhara agus rabhartáí  
ionam ó mhí go mallmhí.

Ionannaíonn an radaire cumas a mhná chun taoidí paisin, feirge agus bróin a mhúscailt ann le cumhacht na gealaí ar

an fharraige agus ar an cholainn bhaineann: ‘cuireann tú na lionnta ina dtonnta reatha tríom’. Dála ‘Cointinn’, tá sult le baint as an chéasadh seo.

Tiontaítear cúrsaí inscne droim ar ais sa dán seo nuair a deirtear linn nach neach baineann í an ghealach – agus ‘grá geal’ an radaire léi – ach neach ‘fuar bán fearga ... fireann agus neamhbhuartha’. Agus má tá sise ‘fearga’ agus ‘fireann’, is geall le bean é an ‘mé’ ag tús an dáin. Tá macallaí láidre an mhíostraithe le brath i dtionchar na gealaí air (‘taoidí á dtionscnamh agat ionam ... ó mhí go mallmhí’) ach is



gaire fós do pháiste é i dtreo an deiridh, ‘mo lámha á síneadh agam faoi do dhéin’. Is maith mar a aontaítear ag deireadh an dáin cumhacht dhiamhair na mná agus na gealaí trí shamhail an roisc, micreacasma den chumhacht ábhal ‘lena mbáfar mé’. Fiú má tá sí rud beag méaldrámatúil féin, is éifeachtach fós í samhail an fhir á bhá ag ‘tonnta ábhal’ a dhúile.

Léiríonn an Breathnach feidhm na col-laíochta mar ealaín agus mar arm, mar fhoinse fuascailte agus mar fhoinse fulaingthe. Tugtar aghaidh ar chumhacht agus ar éigniú chomh maith leis an dúil phráinneach ghrámhar, agus léirítear mianach féin-réadaithe agus féin-éalaíthe na col-laíochta araon. Léiríonn ‘Dán do Scáthach’ an dá mhianach sin san aon am amháin, agus caitheann sé solas ar sholúbthacht agus ar iomlánaíocht an eispéiris.

Díol spéise é an claoclú ó umhlaíocht go laochas sa dán ríshuimiúil seo. Cuirtear go béim, i dtús báire, ar laghad an ghaiscígh agus ar a alltacht i láthair na scáilmhná rúnda: ‘m’fheargacht go léir ar crith / le

tnúth agus le heagla’. Snámhann an fireann uaidh féin go dtí an bhaineann, é ina ‘oilithreach chun do theampail’. Sula nglactar leis gur dán eile adhartha é seo, áfach, athraíonn an blas ó bhun go barr leis an chéileachas a dhéanann gaiscíoch faoi dheireadh de Chú Chulainn. Athraíonn, leis, a dhearcadh i leith Scáthach. Glacann an laoch seilbh ar Scáthach tríd an chollaíocht anseo, í ag ‘éirí is ag íslíú ... faoi gach gníomh a chuirim i gcrích’. Faoi dheireadh, in áit na mná diamhaire a bhí chomh mór sin gurbh éigean don laoch snámh chuici ina oilithreach, is ‘cuid díom tú.’ Chan amháin go n-athraíonn a méid ach féach go bhfuil an malartú róil chomh hiomlán sin gur eisean anois atá diamhair: ‘oileán fairsing oscailte tú / a iompraím thart liom / im chroí ceilteach’.

Ní comhtheacht a gcumhachtaí is toradh leis an chollaíocht anseo, mar sin, ach aistriú cumhachta ó dhuine amháin go dtí an duine eile. Níl aon amhras ach go bhfuil sult earótach san alltacht, san fhéinchur-ar-ceal agus san fhéinchruthú a eascraíonn as séanadh agus glacadh cumhachta in ‘Gealach’, ‘Cointinn’, agus ‘Dán do Scáthach’.

Níorbh fhéidir ach cúpla gné de shaothar fiúntach an Bhreathnaigh a phlé anseo, ach is le huilíochas a shamhlaím a chur síos ar an tsearc. Bíonn uaigneas, uafás, faitíos agus fearg le brath sna dánta seo; bíonn na leannáin ag súgradh le, ag spochadh as agus ag brath go hiomlán ar a chéile. Beidh siad ann i gcónaí freisin, is cosúil, fiú nuair nach léir cé acu ‘barróg theann an ghrá, nó ... marbhfháisc go bás’ atá i ndán daofa (‘Iomrascáil’, *An Fearann Breac*). Ar an mhórchuid, áfach, ábhar ceiliúrtha is ea an grá sa saothar seo. Cuid d’fhoghlaim an tsaoil é. Saibhríonn an dlúthchaidreamh féinthuiscint an radaire (‘tagaim orm féin / ionatsa’, mar a deirtear in ‘Tusa’) agus saibhríonn sé a thuiscint don domhan thairis: ‘aibiú míorúilteach do choirp / a thug tuiscint dom ar shéasúir’, a deir radaire ‘Foighne’ in *Cantaic an Bhalbháin*. Dlúithe dhiamhair, fhoirmitheach an toradh a bhíonn ar an chéileachas i ndánta seo an Bhreathnaigh – an t-aisíoc dar thagair mé ar ball agus an bheirt leannán i lár na má.